

FOLÚNTAS

# Ceann ar an Rannóg um Réitigh Ghnó

Aonad: Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)
Tagairt: ECDC/AD/2019/ICT-HSBS

Tá iarratais á lorg ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire Sealadach sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

## Sainchuntas poist

Beidh sealbhóir an phoist freagrach do Cheann ar an Aonad um Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide[1].

Tá an Rannóg um Réitigh Ghnó freagrach laistigh de TFC chun seachadadh bainistíochta tionscadail éifeachtach a áirithiú agus riachtanais ghnó do gach táirge TF a chomhlíonadh. Soláthraíonn sé rúnaíocht freisin do Choiste Straitéiseach an Chórais Faisnéise.

Beidh sé/sí freagrach ach go háirithe as na réimsí oibre seo a leanas:

- Seirbhís a thabhairt mar phríomh-chomhéadan idir an t-aonad TFC agus na haonaid ghnó, ag dearbhú ailíniú gnólachtaí agus straitéisí teicneolaíochta trí thimpeallacht an-chomhoibríoch a fhorbairt ar fud na réimsí feidhmiúla;
- Bainistiú a dhéanamh ar an gcreat rialachais TF laistigh de ECDC, ag ullmhú agus ag dearbhú rúnaíocht Choiste Straitéiseach an Chórais Faisnéise;
- Bainistiú a dhéanamh ar sheachadadh tionscadal TF agus ar shaolré na dtáirgí TF;
- Bainistiú a dhéanamh ar na riachtanais soláthair, ar na conarthaí gaolmhara, ar na soláthraithe inmheánacha/seachtracha agus ar leanúnachas conartha;
- Bainistiú líne a dhéanamh ar bhaill foirne na rannóige, bainistiú a dhéanamh ar chur chun feidhme phlean oibre agus buiséid na rannóige;
- Cur leis an sainmhíniú ar phleananna oibre agus buiséid bliantúla agus ilbhliantúla TFC;

[1] Tá clár claochlaithe ar siúl san Aonad TFC, rud a mhairfidh go deireadh na bliana 2020, agus an aidhm leis samhail nua um fhoinsiú a ghlacadh agus an eagraíocht a ullmhú maidir lena ról i ndáil le cuir chuige nua agus nuálaíocha sa tsláinte phoiblí, amhail ríomhsheirbhísí sláinte, olltiomsú sonraí agus úsáid na sonraí sláinte leictreonacha chun críocha faireachais. Cuirfear deireadh leis an gclár claochlaithe seo leis an athbhreithniú ar eagrú an aonaid TFC.

- Beartais, modheolaíochtaí agus dea-chleachtais TFC a shainmhíniú agus a chur i bhfeidhm;
- Cuidiú le tionscadail tras-eagraíochta, agus go sonrach le tionscnaimh ríomhsheirbhísí sláinte, a chur i bhfeidhm;
- Cuidiú le gníomhaíochtaí eile ECDC ina réimse saineolais féin, de réir mar is gá.

# Na cáilíochtaí agus an taithí a theastaíonn

## A. Riachtanais fhoirmiúla

Chun bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith ceanglas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na riachtanais sin:

- Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile atá fianaithe le dioplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile ceithre bliana nó níos mó, nó leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile atá fianaithe le dioplóma agus taithí ghairmiúil ábhartha aon bhliana amháin ar a laghad sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile trí bliana ar a laghad[2];
- Taithí ghairmiúil 9 mbliana ar a laghad[3] (tar éis bhronnadh an dioplóma);
- Eolas cruinn ar cheann amháin de theangacha oifigiúla AE agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile AE sa mhéid is gá chun a d(h)ualgais a chomhlíonadh[4];
- A bheith ina náisiúnach de cheann de Ballstáit AE nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a c(h)eart iomlán mar shaoránach[5];
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme ar sheirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh; agus
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

## B. Critéir roghnúcháin

Tá critéir riachtanacha maidir le taithí ghairmiúil agus tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta sainaitheanta againn mar chritéir cháilitheacha don phost seo. Is iad seo:

### Taithí ghairmiúil/eolas gairmiúil:

- 5 bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil a gnóthaíodh i bpoist a bhaineann leis an tsainchuntas poist i réimse na faisnéisíochta sláinte poiblí;

---

[2] Ní chuirtear san áireamh ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin.
[3] Cuirtear seirbhís mhíleata éigeantach san áireamh i ngach cás.
[4] Ina theannta sin, chun bheith incháilithe d'ardú céime trí nós imeachta bliantúil um ardú céime, ní mór do bhaill foirne eolas oibre a bheith acu ar thríú teanga AE freisin, faoi mar a shonraítear sna Rialacháin Foirne agus na Rialacha Cur Chun Feidhme is infheidhme.
[5] Sula gceapfar é/í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil, rud ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil ar bith aige/aici.

- Taithí ar bhainistíocht tionscadal agus clár;
- Taithí ar bhainistiú acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais araon;
- Sárleibhéal Béarla, idir scríofa agus labhartha.

### Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:

- Dírithe ar obair ardchaighdeáin a chur ar fáil, agus ar an tseirbhís;
- A bheith réamhghníomhach agus dírithe ar spriocanna a bhaint amach;
- An cumas oibriú i gcomhar le daoine eile agus dlúthchaidrimh oibre a fhorbairt;
- An cumas daoine eile a chumhachtú, a spreagadh agus ceannaireacht a thabhairt;
- Scileanna láidre eagrúcháin, cur chuige struchtúrtha maidir le tascanna, agus an cumas tascanna a chur in ord tosaíochta.

Tá taithí agus scileanna a bheadh ina mbuntáiste don phost sainaitheanta againn freisin. Is iad seo a leanas an taithí agus na scileanna atá i gceist:

- Eolas agus taithí i dtionscadail agus tionscnaimh ríomhsheirbhísí sláinte, lena n-áirítear taifid sláinte leictreonacha, córais bhainistíochta faisnéise saotharlainne, córais bhainistíochta faisnéise ospidéil, idir-inoibritheacht sa réimse sláinte;
- Taithí ar bhainistiú soláthair, conarthaí agus soláthraithe;
- Taithí ar anailísíocht shonraí agus ar bhainistíocht shonraí fiontraíochta.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d’fhéadfadh an coiste roghnúcháin riachtanais níos doichte a chur i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas, nó critéir bhuntáisteacha ar bith atá liostaithe a chur i bhfeidhm.

# Ceapachán agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist de réir gearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnúcháin don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnúcháin bunaithe. D’fhéadfaí a iarraidh ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d’iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfaí an togra a chur ar fáil go poiblí agus nach ionann ainm a bheith ar an ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta iarrthóirí a ullmhú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi mar Ghníomhaire Sealadach, de bhun airteagal 2f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, go ceann tréimhse cúig bliana. Féadfar an tréimhse sin a athnuachan. Déanfar an ceapachán seo chuig grád **AD 8**.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne AE go gcuirfeadh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh i gcrích go rathúil.

Le tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Documents/Staff_Regulations_2014.pdf

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann an Lárionad a chuid gníomhaíochtaí i gcrích.

# Liosta ionadaithe

D'fhéadfaí liosta ionadaithe a chruthú agus a úsáid chun críche earcaíochta sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí an 31 Nollaig sa bhliain ina dtiteann an spriocdháta le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

# Nós imeachta chun iarratas a dhéanamh

**Chun iarratas a chur isteach, seol iarratas comhlánaithe chuig Recruitment@ecdc.europa.eu, agus tagairt an fholúntais agus do shloinne á lua go soiléir agat i líne ábhair an ríomhphoist.**

**Chun a chinntiú go mbeidh d'iarratas bailí, ní mór duit gach cuid riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú. Ba cheart an fhoirm iarratais a chur isteach i bhformáid Word nó PDF. B'fhearr í a bheith comhlánaithe i mBéarla[6]. Measfar aon iarratais neamhiomlána a bheith neamhbhailí.**

**Tá an fhoirm iarratais ECDC ar fáil anseo ar ár láithreán gréasáin:**

**https://ecdc.europa.eu/en/about-us/work-us/recruitment-process**

Tá an spriocdháta le hiarratais a chur isteach, tuilleadh faisnéise faoi staid an nós imeachta roghnúcháin seo, mar aon le faisnéis thábhachtach faoin bpróiseas earcaíochta, ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Is féidir teacht ar an méid sin ach an nasc thuas a úsáid.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a fhaightear, ní rachfar i dteagmháil ach le hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

6 Rinneadh an fógra folúntais seo a aistriú go gach ceann de 24 theanga oifigiúla AE ón mbunleagan Béarla. Ós rud é gurb é Béarla an phríomhtheanga a úsáidtear in oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta, b'fhearr le ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.